



## Preaseisiúint

Lucsamburg, 29 Márta 2022

# Caithfidh comhlachtaí an Aontais Eorpaigh dlús a chur lena n-ullmhacht chibearshlándála

Tá líon na gcibirionsaithe ar chomhlachtaí an Aontais ag dul i méid go géar. Tá éagsúlacht le sonrú sa leibhéal ullmhachta cibearshlándála i gcomhlachtaí an Aontais agus, ar an iomlán, níl an leibhéal sin i gcomhréir leis na bagairtí atá ag síormhéadú. Ó tharla go bhfuil comhlachtaí an Aontais idirnasctha go mór le chéile, is féidir le laige i gcomhlacht amháin cibearbhagairtí a nochtadh do chomhlachtaí eile. Is í sin an chonclúid ar thángthas uirthi i dtuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina scrúdaítear cé chomh hullmhaithe atá eintitis rialaithe an Aontais le seasamh in aghaidh cibearbhagairtí. Molann na hiniúchóirí gur cheart rialacha ceangailteacha i réimse na cibearshlándála a thabhairt isteach agus gur cheart an méid acmhainní atá ar fáil don Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire (CERT-EU) a mhéadú. Chomh maith leis sin, deir na hiniúchóirí gur chóir don Choimisiún Eorpach comhoibriú breise a chur chun cinn i measc comhlachtaí an Aontais agus gur chóir do CERT-EU agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil díriú isteach níos mó ar na comhlachtaí sin de chuid an Aontais nach bhfuil an oiread céanna taithí acu i mbainistiú na cibearshlándála.

Tháinig os cionn a dheich n-oiread de mhéadú ar theagmhais shuntasacha cibearshlándála i gcomhlachtaí an Aontais idir 2018 agus 2021. Anuas air sin, tá an líon pointí rochtana a d'fhéadfadh a bheith ann d'ionsaitheoirí méadaithe go mór mar gheall ar obair chianda. Is é is cúis go ginearálta le teagmhais shuntasacha ná cibirionsaithe casta a mbaineann úsáid modhanna agus teicneolaíochtaí nua leo go hiondúil, agus is féidir seachtainí nó fiú míonna a chaitheamh orthu chun iad a fhiosrú agus teacht aniar uathu. Sampla amháin de sin is ea an cibirionsaí ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, nuair a rinneadh sonraí íogaire a sceitheadh agus a ionramháil chun an bonn a bhaint ón muinín i vacsaíní.

*“Tá institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ina spriocanna tarraingteacha d'ionsaitheoirí féideartha, go háirithe grúpaí atá in ann ionsaithe rúnda an-sofaisticiúla a dhéanamh ar mhaithe le cibirspiaireacht agus ar chúiseanna bithiúnta eile”, a dúirt Bettina Jakobsen, an comhalta den Chúirt Iniúchóirí a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “D'fhéadfadh impleachtaí polaitiúla suntasacha a bheith ag cibirionsaithe den sórt sin agus d'fhéadfaidís dochar a dhéanamh do cháil fhoriomlán an Aontais Eorpaigh agus an bonn a bhaint ón muinín as a chuid*

*Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

*institiúidí. Caithfidh an tAontas dlús a chur lena iarrachtaí i gcosaint a thabhairt dá chuid eagraíochtaí féin.”*

Ba í príomhfhionnachtain na n-iniúcháirí ná nach bhfuil institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais cosanta go maith i gcónaí in aghaidh cibearbhagairtí. Níl cur chuige leanúnach acu i leith na cibearshlándála; níl rialuithe bunriachtanacha agus dea-chleachtais lárnacha sa chibearshlándáil i bhfeidhm i gcónaí; agus ní dhéantar oiliúint sa chibearshlándáil a chur ar fáil go córasach. Tá éagsúlacht mhór i leithdháileadh acmhainní chun déileáil leis an gcibearshlándáil, agus tá roinnt comhlachtaí de chuid an Aontais ann atá ag caitheamh i bhfad níos lú air sin ná mar atá comhlachtaí inchomparáideacha eile. Cé, go teoiriciúil, go bhféadfaí a rá go bhfuil na próifílí riosca éagsúla atá ag gach eagraíocht agus na leibhéil éagsúla íogaireachta a bhaineann lena gcuid sonraí ina n-údar maith do na difríochtaí sna leibhéil cibearshlándála, cuireann na hiniúcháirí i bhfáth go bhfuil laigí cibearshlándála i gcomhlacht amháin de chuid an Aontais in ann bagairtí cibearshlándála a nochtadh do roinnt eagraíochtaí eile (sa mhéid go bhfuil comhlachtaí uile an Aontais nasctha le chéile, agus iad go minic nasctha freisin le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha sna Ballstáit).

Is iad an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire (CERT-EU) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) an dá phríomheintiteas den Aontas a bhfuil sé de chúram orthu tacaíocht maidir le cibearshlándáil a sholáthar. Ní raibh ar a gcumas, áfach, an tacaíocht ar fad a bhí de dhíth ar chomhlachtaí an Aontais a thabhairt dóibh mar gheall ar shrianta acmhainní nó mar gheall go raibh tosaíocht á tabhairt do réimsí eile. Tá easnamh le sonrú freisin i gcomhroinnt faisnéise, adeir na hiniúcháirí; mar shampla, ní dhéanann gach comhlacht de chuid an Aontais tuairisciú tráthúil ar leochaileachtaí ná ar theagmhais shuntasacha cibearshlándála a d’imirt tionchar orthu agus a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlachtaí eile.

### **Faisnéis chúlra**

Faoi láthair, níl aon chreat dlíthiúil ann maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais. Níl siad faoi réir na reachtaíochta is leithne de chuid an Aontais maidir le cibearshlándáil, Treoir NIS 2016, ná níl siad faoi réir an athbhreithnithe atá beartaithe don Treoir sin, Treoir NIS2. Níl aon fhaisnéis chuimsitheach ann ach oiread faoin méid a chaitheann comhlachtaí an Aontais ar cibearshlándáil. Tá na comhrialacha maidir le slándáil faisnéise agus maidir le cibearshlándáil do gach comhlacht de chuid an Aontais ar fáil sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Aontas Slándála an Aontais do thréimhse 2020-2025, a foilsíodh i mí Iúil 2020. I Straitéis Cibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach, a foilsíodh i mí na Nollag 2020, gheall an Coimisiún rialachán a mholadh maidir le comhrialacha cibearshlándála do gach comhlacht de chuid an Aontais. Mhol sé freisin bunús dlí nua a bhunú do CERT-EU chun a shainordú agus a mhaoiniú a threisiú.

Maidir le Tuarascáil speisialta Uimh. 05/2022: *“Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh – Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir le méid na mbagairtí”,* tá sí ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí](#). Tharraing an Chúirt Iniúcháirí aird ar dhúshláin do bheartas cibearshlándála an Aontais freisin in [athbhreithniú](#) a foilsíodh in 2019.

**Teagmháil phreasa**

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 621 552 224